Dé Céadaoin 15. Feabhra 2023

P9_TA(2023)0045

Comhairliúchán faoi Fhorálacha Cur Chun Feidhme an Ombudsman Eorpaigh

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2023 ar na dréachtfhorálacha cur chun feidhme do Reacht an Ombudsman Eorpaigh (N9-0065/2022 – C9-0338/2022 – 2022/0903(NLE))

(Comhairliúchán)

(2023/C 283/28)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do na dréachtfhorálacha cur chun feidhme do Reacht an Ombudsman Eorpaigh (N9-0065/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 18 de Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom [1], ar dá bhun a chuaigh an tOmbudsman Eorpach i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0338/2022),

— ag féachaint do Riail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (A9-0010/2023),

1. ag formheas na ndréachtfhorálacha cur chun feidhme arna leasú;

2. á iarraidh ar an Ombudsman a chur in iúl don Pharlaimint má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;

3. á iarraidh ar an Ombudsman dul i gcomhairle leis an bParlaimint arís má tá sé ar intinn aici na dréachtfhorálacha cur chun feidhme a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an Ombudsman Eorpach, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

Leasú 1

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 2 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
2.3. Is mar ghearán a dhéileálfaidh an tOmbudsman le hachainí a thagann faoi réim dhualgais an Ombudsman mar a shainmhínítear in Airteagal 1(3) den Reacht, arna aistriú ag Parlaimint na hEorpa le toiliú an achainígh.	***scriosta***

[1] IO L 253, 16.7.2021, lch. 1.

Dé Céadaoin 15. Feabhra 2023

Leasú 2

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
3.1. Déanfaidh an tOmbudsman gearáin a láimhseáil in aon teanga oifigiúil agus oibre de chuid institiúidí an Aontais. Déanfaidh an tOmbudsman cumarsáid leis an ngearánach ***sa teanga sin***, ach amháin má ghlacann an gearánach le cumarsáid a fháil i dteanga oifigiúil agus oibre eile de chuid an Aontais.	3.1. Déanfaidh an tOmbudsman gearáin a láimhseáil in aon teanga oifigiúil agus oibre de chuid institiúidí an Aontais. Déanfaidh an tOmbudsman cumarsáid leis an ngearánach ***i dteanga an ghearáin***, ach amháin má ghlacann an gearánach le cumarsáid a fháil i dteanga oifigiúil agus oibre eile de chuid an Aontais.

Leasú 3

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 3 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
3.6. Má mheasann an tOmbudsman gur cuí déanamh amhlaidh, féadfaidh an tOmbudsman bearta a ghlacadh chun a áirithiú go ndéileálfar le gearán mar ábhar tosaíochta, agus ***cuspóirí straitéiseacha nó cineál sonrach*** gearáin ***á gcur san áireamh***, lena n-áirítear i réimsí amhail sceithireacht agus ciapadh.	3.6. ***I gcomhréir le hAirteagal 2 den Reacht,*** má mheasann an tOmbudsman gur cuí déanamh amhlaidh, féadfaidh an tOmbudsman bearta a ghlacadh chun a áirithiú go ndéileálfar le gearán mar ábhar tosaíochta, agus ***na topaicí oibre straitéisí arna sainiú ag an Ombudsman sa tuarascáil bhliantúil nó cineál sonrach*** gearáin, lena n-áirítear i réimsí amhail sceithireacht agus ciapadh, á dtabhairt san áireamh.

Leasú 4

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 3 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
3.7. Déileálfaidh an tOmbudsman le teachtaireachtaí mí-úsáiddeacha agus le gearáin arb ionann iad agus mí-úsáid próise i gcomhréir le treoirlínte arna nglacadh chun na críche sin.	3.7. Déileálfaidh an tOmbudsman le teachtaireachtaí drochídeacha agus le gearáin arb ionann iad agus mí-úsáid próisis i gcomhréir le treoirlínte arna nglacadh chun na críche sin. ***Foilseofar na treoirlínte sin ar shuíomh gréasáin an Ombudsman.***

Dé Céadaoin 15. Feabhra 2023

Leasú 5

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
4.3. Arna iarraidh sin don Ombudsman, soláthróidh institiúidí faisnéis ***nó doiciméid*** don Ombudsman chun críocha fiosrúcháin. Féadfaidh foireann fiosrúcháin an Ombudsman ***doiciméid a iniúchadh***, ag áitreabh na hinstitiúide lena mbaineann nó trí mheán leictreonach. Soláthrófar ***doiciméid*** rúnaicmithe AE ag áitreabh na hinstitiúide lena mbaineann, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Ombudsman.	4.3. Arna iarraidh sin don Ombudsman ***agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5 den Reacht***, soláthróidh institiúidí faisnéis***, lena n-áirítear i bhfoirm doiciméad,*** don Ombudsman chun críocha fiosrúcháin. Féadfaidh foireann fiosrúcháin an Ombudsman ***scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis***, ag áitreabh na hinstitiúide lena mbaineann nó trí mheán leictreonach. Soláthrófar ***faisnéis*** rúnaicmithe AE ag áitreabh na hinstitiúide lena mbaineann, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Ombudsman.

Leasú 6

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 4 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
4.4. Tabharfar freagraí na hinstitiúide ar na hábhair dá dtagraítear i mír 4.2 agus i mír 4.3 laistigh den tréimhse ama a shonróidh an tOmbudsman nach mbeidh níos faide ná trí mhí de ghnáth. Beidh an tréimhse ama bheacht chun freagra a thabhairt réasúnach, agus castacht agus práinn an fhiosrúcháin á gcur san áireamh. Má mheasann an tOmbudsman go bhfuil ***tábhacht phoiblí ag baint leis an bhfiosrúchán, beidh an tréimhse ama chun freagra a thabhairt*** chomh gearr agus is féidir ***go réasúnta***. Mura bhfuil an institiúid lena mbaineann in ann freagra a thabhairt laistigh den tréimhse ama a socraíodh, déanfaidh sí iarraidh réasúnaithe ar shíneadh ama.	4.4. Maidir leis na freagraí a thabharfaidh na hinstitiúidí ar na hábhair dá dtagraítear i mír 4.2 agus mír 4.3, tabharfar iad laistigh den tréimhse ama a shonróidh an tOmbudsman, ar tréimhse ama í nach faide ná trí mhí de ghnáth. Beidh an tréimhse ama bheacht chun freagra a thabhairt réasúnach, agus castacht agus práinn an fhiosrúcháin á gcur san áireamh. Má mheasann an tOmbudsman go bhfuil ***leas don phobal*** ag baint leis an bhfiosrúchán***, is*** chomh gearr agus is féidir ***le réasún a bheidh an creat ama chun freagra a chur ar fáil***. Mura bhfuil an institiúid lena mbaineann in ann freagra a thabhairt laistigh den tréimhse ama a socraíodh, déanfaidh sí iarraidh réasúnaithe ar shíneadh ama.

Leasú 7

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 4 – mír 10

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
4.10. Ní choinneoidh an tOmbudsman seilbh ar dhoiciméid ná ar fhaisnéis ***a fuarthas ó institiúid nó ó Bhallstát le linn fiosrúcháin, agus a shainaithin an institiúid sin nó an Ballstát sin a bheith faoi rún,*** ach amháin fad a bheidh an fiosrúchán ar siúl agus nach mbeidh an tréimhse ama chun déileáil le haon iarraidh ar athbhreithniú imithe in éag. Scriosfar na doiciméid nó an fhaisnéis sin tar éis don fhiosrúchán a bheith dúnta agus an tréimhse ama chun déileáil le haon ***iarratas*** ar athbhreithniú imithe in éag. Féadfaidh an tOmbudsman a iarraidh ar institiúid nó ar Bhallstát doiciméid nó faisnéis den sórt sin a choinneáil ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad tar éis fógra a thabhairt dóibh nach bhfuil na doiciméid nó an fhaisnéis á gcoimeád ag an Ombudsman a thuilleadh.	4.10. Ní choinneoidh an tOmbudsman seilbh ar dhoiciméid ná ar fhaisnéis ***dá dtagraítear in Airteagal 5(8) den Reacht*** ach amháin fad a bheidh an fiosrúchán ar siúl agus nach mbeidh an tréimhse ama chun déileáil le haon iarraidh ar athbhreithniú ***arna déanamh de bhun Airteagal 9.3 den Chinneadh seo*** imithe in éag. Scriosfar na doiciméid nó an fhaisnéis sin tar éis don fhiosrúchán a bheith dúnta agus an tréimhse ama chun déileáil le haon ***iarraidh*** ar athbhreithniú imithe in éag. Féadfaidh an tOmbudsman a iarraidh ar institiúid nó ar Bhallstát doiciméid nó faisnéis den sórt sin a choinneáil ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad tar éis fógra a thabhairt dóibh nach bhfuil na doiciméid nó an fhaisnéis á gcoimeád ag an Ombudsman a thuilleadh.

Dé Céadaoin 15. Feabhra 2023

Leasú 8

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
5.1. Má mheasann an tOmbudsman gur féidir gearán a réiteach, lorgóidh an tOmbudsman réiteach leis an institiúid lena mbaineann ***agus*** leis an ***ngearánach***.	5.1. Má mheasann an tOmbudsman gur féidir gearán a réiteach, lorgóidh an tOmbudsman réiteach leis an institiúid lena mbaineann ***chun deireadh a chur*** leis an ***gcás drochriaracháin agus ar an gcaoi sin an gearán a réiteach***.

Leasú 9

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
6.2. I gcás ina gcinnfidh an tOmbudsman nach bhfuil aon drochriarachán ann, gur thángthas ar réiteach nó nach bhfuil údar le tuilleadh fiosrúchán, dúnfar an fiosrúchán le cinneadh ina leagfar amach na torthaí. Sa chinneadh chun an fiosrúchán a dhúnadh, féadfaidh an tOmbudsman ***moltaí a dhéanamh*** maidir le ***feabhas*** a ***chur ar shaincheisteanna a*** sainaithníodh le linn an fhiosrúcháin. Cuirfidh an tOmbudsman an cinneadh chuig an ngearánach agus chuig an institiúid lena mbaineann.	6.2. I gcás ina gcinnfidh an tOmbudsman nach bhfuil aon drochriarachán ann, gur thángthas ar réiteach nó nach bhfuil údar le tuilleadh fiosrúchán, dúnfar an fiosrúchán le cinneadh ina leagfar amach na torthaí. Sa chinneadh chun an fiosrúchán a dhúnadh, féadfaidh an tOmbudsman ***feabhsuithe a mholadh*** maidir le ***saincheisteanna*** a sainaithníodh le linn an fhiosrúcháin. Cuirfidh an tOmbudsman an cinneadh chuig an ngearánach agus chuig an institiúid lena mbaineann.

Leasú 10

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
7.2. Féadfaidh an tOmbudsman Tuarascáil Speisialta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir le haon fhiosrúchán ina ***gcinneann*** an tOmbudsman ***go bhfuil*** drochriarachán ***i gceist*** agus a mheasann an tOmbudsman ***tábhacht phoiblí a bheith*** ag baint leis.	7.2. Féadfaidh an tOmbudsman Tuarascáil Speisialta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir le haon fhiosrúchán ina ***bhfaigheann*** an tOmbudsman drochriarachán agus a mheasann an tOmbudsman ***go bhfuil leas ar leith*** ag baint leis ***don phobal***.

Leasú 11

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 8 – teideal

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
Fiosrúcháin féintionscnaimh	Fiosrúcháin féintionscnaimh ***agus fiosrúcháin leantacha***

Dé Céadaoin 15. Feabhra 2023

Leasú 12

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
8.1. I gcomhréir le dualgais an Ombudsman mar a shainmhínítear iad in ***Airteagal*** 1(3) den Reacht, seolfaidh an tOmbudsman fiosrúcháin féintionscnaimh a ***n-aimsíonn an tOmbudsman forais*** ina leith.	8.1. I gcomhréir le dualgais an Ombudsman mar a shainmhínítear iad in ***Airteagail*** 1(3) ***agus 3(3)*** den Reacht, seolfaidh an tOmbudsman fiosrúcháin féintionscnaimh a ***bhfuil forais faighte ag an Ombudsman*** ina leith.

Leasú 13

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 8 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
8.2. ***Beidh feidhm ag na nósanna imeachta is infheidhme maidir le fiosrúcháin a thionscnaítear tar éis gearán a dhéanamh, a mhéid atá siad ábhartha, maidir le fiosrúcháin féintionscnaimh***.	8.2. ***Féadfaidh an tOmbudsman teagmháil a dhéanamh leis*** na ***hinstitiúidí freisin i scríbhinn, chun feasacht a mhúscailt, tuairimí a chomhroinnt nó faisnéis a bhailiú maidir le cleachtais riaracháin. Laistigh de theorainneacha dhualgais an Ombudsman mar a shainmhínítear in Airteagal 1(3) den Reacht agus i gcomhréir le hAirteagal 3(3) de, féadfaidh an tOmbudsman a chinneadh fiosrúcháin féintionscnaimh*** a ***sheoladh freisin tar éis teagmhálacha den sórt sin leis na hinstitiúidí***.

Leasú 14

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 8 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
8.3. ***Féadfaidh an tOmbudsman, lasmuigh de raon feidhme na bhfiosrúchán, teagmháil*** a dhéanamh ***leis na hinstitiúidí i scríbhinn, chun feasacht a mhúscailt, tuairimí a roinnt nó faisnéis a bhailiú faoi chleachtais riaracháin. Laistigh de theorainneacha na ndualgas a shainítear in Airteagal 1(3) den Reacht, féadfaidh an tOmbudsman a chinneadh*** fiosrúcháin féintionscnaimh ***a sheoladh freisin tar éis teagmhálacha den sórt sin leis na hinstitiúidí, i gcomhréir le míreanna*** 8.1 agus 8.2.	8.3. ***Beidh feidhm ag na nósanna imeachta is infheidhme maidir le fiosrúcháin*** a ***osclaítear tar éis gearán a*** dhéanamh ***maidir le*** fiosrúcháin féintionscnaimh ***faoi mhír*** 8.1 agus ***faoi mhír*** 8.2 ***a mhéid atá siad ábhartha do na fiosrúcháin sin***.

Dé Céadaoin 15. Feabhra 2023

Leasú 15

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
9.3. Beidh an gearánach i dteideal athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh arna dhéanamh de bhun Airteagal 3.3 agus Airteagal 3.4 den Chinneadh seo, agus ar aon toradh i gcinneadh lena ndúntar fiosrúchán, cé is moite d'aimsiú ***nach*** raibh drochriarachán i gceist. Leagfar amach i gcinneadh ón Ombudsman na rialacha mionsonraithe ***maidir leis an gcaoi*** a ndéileálann an tOmbudsman le hiarrataí ar athbhreithniú.	9.3. Beidh an gearánach i dteideal athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh arna dhéanamh de bhun Airteagal 3.3 agus Airteagal 3.4 den Chinneadh seo, agus ar aon toradh i gcinneadh lena ndúntar fiosrúchán, cé is moite d'aimsiú ***go*** raibh drochriarachán i gceist. Leagfar amach i gcinneadh ón Ombudsman na rialacha mionsonraithe ***maidir leis an gcaoi*** a ndéileálann an tOmbudsman le hiarrataí ar athbhreithniú ***agus foilseofar na rialacha sin ar shuíomh gréasáin an Ombudsman***.

Leasú 16

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 9 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
9.4. Agus iarraidh ar athbhreithniú á déanamh aige nó aici de bhun ***Airteagal 9.3*** den Chinneadh seo, beidh an gearánach i dteideal rochtain a iarraidh ar chomhad an Ombudsman ar an ngearán***, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Reacht, cé is moite de dhoiciméid a dhearbhaíonn institiúid, Ballstát nó an tOmbudsman iad a bheith faoi rún, nó aon fhaisnéis rúnda eile sa chomhad. Beidh*** nochtadh faisnéise sa chomhad don ghearánach ***faoi réir na gcoinníollacha*** a leagtar síos in ***Airteagal 5***(8) den Reacht.	9.4. Agus iarraidh ar athbhreithniú á déanamh aige nó aici de bhun ***mhír 9.3*** den Chinneadh seo, beidh an gearánach i dteideal rochtain a iarraidh ar chomhad an Ombudsman ar an ngearán***. Comhlíonfaidh*** nochtadh faisnéise sa chomhad don ghearánach ***na rialacha*** a leagtar síos ***sa Reacht agus go háirithe, na coinníollacha a leagtar síos*** in ***Airteagal 5***(8) den Reacht.

Leasú 17

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 9 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
9.5. Chun leasanna dlisteanacha an ghearánaigh nó tríú páirtí a chosaint, féadfaidh an tOmbudsman faisnéis a aicmiú mar fhaisnéis rúnda i ngearán nó i ndoiciméid eile, agus an institiúid a chur ar an eolas dá réir sin. . In imthosca eisceachtúla, amhail gearáin a bhaineann le sceithireacht, féadfaidh an tOmbudsman cinneadh a dhéanamh gan céannacht an ghearánaigh a chur in iúl don institiúid lena mbaineann.	9.5. Chun leasanna dlisteanacha an ghearánaigh nó tríú páirtí a chosaint, féadfaidh an tOmbudsman faisnéis a aicmiú mar fhaisnéis rúnda i ngearán nó i ndoiciméid eile, agus an institiúid a chur ar an eolas dá réir sin. In imthosca eisceachtúla, amhail gearáin a bhaineann le sceithireacht, féadfaidh an tOmbudsman cinneadh a dhéanamh gan céannacht an ghearánaigh a chur in iúl don institiúid lena mbaineann ***nó do ghníomhaithe seachtracha eile***.

Dé Céadaoin 15. Feabhra 2023

Leasú 18

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 9 – mír 7 (nua)

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
	9.7. I gcásanna ina n-iarrtar ar an Ombudsman a fhíorú an n-áirithíonn na bearta arna nglacadh ag údarás inniúil na hinstitiúide, an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta de chuid an Aontais lena mbaineann cosaint íospartach líomhnaithe ciaptha agus timpeallacht oibre shláintiúil agus shábháilte a athbhunú, agus dínit na ndaoine lena mbaineann á n-urramú agus fiosrúchán riaracháin ar siúl, féadfaidh an tOmbudsman dul i gcomhairle le saineolaithe seachtracha sa réimse maidir lena gcúnamh i bhfíorú agus maidir le moltaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Leasú 19

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 10

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
Áiritheoidh an tOmbudsman go gcoimeádfar na hinstitiúidí ar an eolas faoi fhiosrúcháin an Ombudsman agus a dtorthaí agus***, i gcás inarb iomchuí,*** go dtabharfar an deis dóibh barúlacha agus fianaise a thíolacadh mar a fhoráiltear sa Chinneadh seo agus sa Reacht.	Áiritheoidh an tOmbudsman go gcoimeádfar na hinstitiúidí ar an eolas faoi fhiosrúcháin an Ombudsman agus a dtorthaí agus go dtabharfar an deis dóibh barúlacha agus fianaise a thíolacadh mar a fhoráiltear sa Chinneadh seo agus sa Reacht.

Leasú 20

Dréachtfhorálacha cur chun feidhme

Airteagal 13

Téacs arna mholadh ag an Ombudsman Eorpach	*Leasú*
Féadfaidh an tOmbudsman faisnéis neamhrúnda a phoibliú faoi dhul chun cinn fiosrúcháin. Go háirithe, i bhfiosrúcháin a bhfuil tábhacht phoiblí leo, féadfaidh an tOmbudsman pléití leis na hinstitiúidí nó leis na Ballstáit a phoibliú, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5(8) den Reacht.	***Gan dochar d'Airteagail 6 agus 9(1) den Reacht,*** féadfaidh an tOmbudsman faisnéis neamhrúnda a phoibliú faoi dhul chun cinn fiosrúcháin. ***Go háirithe, i bhfiosrúcháin a bhfuil leas don phobal ag baint leo,*** féadfaidh an tOmbudsman pléití leis na hinstitiúidí nó leis na Ballstáit a phoibliú, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5(8) den Reacht.